
# Uimhreas: Codáin – Moltaí don timpeallacht foghlama

## SMAOINTE DON SEOMRA RANGA

- Breathnaigh ar fheidhmiú fíorshaoil na gcodán i gcásanna laethúla, m.sh., *ag bácáil, ag tógáil, ag tomhas, srl.*
- Pléigh codáin maidir leis an gcaoi a n-insímid an t-am.
- Léirigh codáin i bhformáidí iomadúla ag baint úsáid as acmhainní nithiúla agus pictiúrtha: samhail faid (*slata Cuisenaire, uimhirlíne fholamh, filleadh páipéir*), samhail achair (*geochláir, filleadh páipéir, páipéar cearnaithe*), samhail tacair (*ciúbanna, cnaipí, maidí líreacáin*).
- Cruthaigh uimhirlíne ag baint úsáid as téad, pictiúir agus pionnaí éadaigh chun codáin a eagrú, a chur i gcomparáid agus a chur in ord.
- Cruthaigh banc focal a thaispeánann an stór focal a bhaineann le codáin, is féidir a chur leis seo de réir mar a scrúdaítear téarmaí nua sa seomra ranga.
- Úsáid stór focal a bhaineann le codáin agus codanna eile den Mhatamaitic á bhfiosrú agat, m.sh., *faid a thomhas, iniúchadh a dhéanamh ar achar agus seans a scrúdú.*
- Úsáid réimse láimhseoga fíorúla chun réimse léirithe i gcodáin a fhiosrú, m.sh., *bataí Cuisenaire fíorúla (samhail faid), Geochláir fhíorúla (samhail achair), cnaipí fíorúla (samhail tacair).*
- Spreag an scoláire chun úsáid a bhaint as réimse léirithe chun codáin a mhíniú, m.sh., *taispeáin dom bealaí éagsúla ar féidir linn ¾ a tharraingt.*





## SMAOINTE LASMUIGH DEN SEOMRA RANGA

- Le linn Corpoideachais, déan gníomhaíochtaí réamhaclaíochta ina dtéann na páistí i ngrúpaí d'uimhreacha áirithe. Déan plé ar an méid a léiríonn grúpa amháin i ndáil leis an rang iomlán.
- Dear agus cruthaigh léarscáil achair de chlós scoile nua ina gcaithfear codáin áirithe a thabhairt do chodanna den chlós, m.sh., *leath an chlós do spóirt, ceathrú cuid d'fhearas an chlóis súgartha, ochtú cuid do bhinsí agus ochtú cuid do ghairdín na scoile.*
- Dear léiriú codánach de phatrúin gheoiméadracha. Gearr amach réimse cruthanna 2T ag baint úsáid as páipéar daite éagsúil (*cearnóg dhearg, ciorcal buí, srl.*). Gearr na cruthanna seo ina gcodáin éagsúla, mar shampla, gearr an chearnóg ina ceathrúna agus na ciorcail ina leatha. Socraigh na codanna codánacha seo i do phatrún geoiméadrach féin agus greamaigh le páipéar taca dubh iad.
- Téigh ar sheilg do chodáin timpeall na scoile, m.sh.,
  - *Aimsigh earra atá thart ar aon cheathrú d'fhad an dorais*
  - *Aimsigh achar atá ina ochtú cuid de mhéid na cúirte cispheile*
  - *Aimsigh tacar rudaí a d'fhéadfaí a léiriú i bhfoirm chodánach.*
- Úsáid rudaí amuigh faoin aer amhail stoic crainn, carraigeacha nó maidí chun cleachtadh a dhéanamh ar fhad a thomhas agus a chur i gcomparáid le haonaid chodánacha. Is féidir le páistí faid a mheas agus a thomhas i gcodáin d'aonad (m.sh., *½ troigh, ¼ méadar*) ag baint úsáid as rialóirí nó téipeanna tomhais.

